Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

# COMHAIRLE CONTAE FHINE GALL
# (Fingal County Council)

## Fodhlíthe Corrthrádála 2021

**arna ndéanamh faoi**

# AN TACHT CORR-THRÁDÁLA, 1995

## <u>Fodhlíthe</u>

**Corrthrádáil a rialú, a rialáil, a mhaoirsiú agus riar i limistéar riaracháin Chomhairle Contae Fhine Gall**

**TEIDEAL FADA:** Déanann Méara agus baill Chomhairle Contae Fhine Gall (dá dtagrófar anseo feasta mar "An Chomhairle"), i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a dhílsítear iontu i bhforálacha an Achta Corr-Thrádála, 1995 agus gach cumhacht chumasaithe eile, leis seo, na Fodhlíthe seo ar mhaithe le corrthrádáil a rialú, a rialáil, a mhaoirsiú agus a riar i limistéar riaracháin Chomhairle Contae Fhine Gall

**RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA**

**1. GAIRM** Féadtar Fodhlíthe Corrthrádála Chomhairle Contae Fhine Gall 2021 2021 a ghairm de na Fodhlíthe seo

**2. LIMISTÉAR FEIDHME** Baineann na Fodhlíthe seo le limistéar riaracháin Chomhairle Contae Fhine Gall

**3. DÁTA TOSAIGH** Tiocfaidh na Fodhlíthe seo i bhfeidhm an 12 Lúnasa 2021

**4. CÚLGHAIRM** Déantar Fodhlíthe Corrthrádála 1999 Chomhairle Contae Fhine Gall a rinne an Chomhairle an 8ú lá de Shamhain 1999 a chúlghairm leis seo amhail ón dáta tosaithe an 12 Lúnasa 2021

**5. SAINMHÍNIÚ** Beidh an chiall, leis seo, a shanntar dóibh, faoi seach, ag na focail seo a leanas sna Fodhlíthe seo, seachas nuair a luaitear a mhalairt go sainráite, is é sin le rá:

**"an tAcht"** Ciallaíonn seo an tAcht Corr-Thrádála, 1995.

**"na Rialacháin"** Ciallaíonn seo Rialacháin an Achta Corr-Thrádála, 1995 (Foirmeacha), 1996.

**"an Chomhairle"** Ciallaíonn seo Comhairle Contae Fhine Gall.

**"Limistéar Corrthrádála"** Ciallaíonn seo limistéar a liostaítear sa Chéad Sceideal a ghabhann leis seo agus a ainmnítear mar limistéar corrthrádála.

| | |
|---|---|
| **"Ceadúnas"** | Ciallaíonn seo ceadúnas corrthrádála a d'eisigh an Chomhairle faoin Acht Corr-Thrádála, 1995 agus atá i bhfeidhm de thuras na huaire. |
| **"Corrthrádáil"** | Ciallaíonn seo earraí a dhíol in áit (bóthar poiblí san áireamh) ar a bhfuil ceart rochtana ag an bpobal agus aon áit eile ar limistéar corrthrádála é, faoi mar a shainítear san Acht. |
| **"Limistéar Corrthrádála"** | Ciallaíonn seo limistéar a liostaítear sa chéad sceideal. I limistéar ainmnithe a leagtar amach ag marcanna ag an teorainn, inar féidir tabhairt faoi chorrthrádáil. Ní sháróidh Limistéar Corrthrádála an limistéar atá leagtha amach ag marcanna. |
| **"Sealbhóir Ceadúnais"** | Ciallaíonn seo duine ar eisíodh ceadúnas dó/di nó seirbhíseach nó gníomhaire shealbhóir an cheadúnais atá ag gníomhú thar ceann shealbhóir an cheadúnais. |
| **"Oifigeach Údaraithe"** | Ciallaíonn seo oifigeach na Comhairle nó duine eile a cheap an Chomhairle Contae ar mhaithe le cuspóirí an Achta. |
| **"Trádáil Imeachta"** | Ciallaíonn seo corrthrádáil cheadúnaithe ag imeacht nó ag imeachtaí a shonraítear sa cheadúnas nó ag an áit/i bhfoisceacht na háite ina dtiteann an t-imeacht nó na himeachtaí amach ar an lá nó ar na laethanta a thiteann an t-imeacht nó na himeachtaí amach |
| **"Stalla Cláraithe"** | Ciallaíonn seo aon stalla faoi rothaí nó inaistrithe, nó bosca, bara, cairt, carbhán, leantóir nó feithicil eile nó an dá rud nó aon seastán nó aon ghléas iompair a úsáidtear le haghaidh Corrthrádála |
| **"Feithicil"** | Ciallaíonn seo gach bealach iompair daoine, torthaí margaidh nó aon earraí nó aon ruda, cibé acu más nó mura faoi thiomáint mheicniúil é agus gach bealach iompair sin san áireamh |

| | |
|---|---|
| **"Díol, ag Díol nó Díolachán"** | Ciallaíonn seo comhaontú le hearraí a dhíol nó earraí a thaispeáint lena ndíol nó cuireadh a thabhairt do thairiscint le hearraí a cheannach |
| **"an Rogha Ceadúnais"** | Ciallaíonn seo ceadúnas a eisítear do tháirgí bia a tháirgtear go háitiúil/go réigiúnach nó d'ealaíona/cheardaíocht ar shárchaighdeán |
| **"Trádáil Shéasúrach"** | Ciallaíonn seo Ceadúnas Corrthrádála atá bailí ón 1 Aibreán go dtí an 30 Meán Fómhair (an Buaicshéasúr) nó ón 1 Deireadh Fómhair go dtí an 31 Márta (an Séasúr Seachbhuaice). Eiseofar Ceadúnas Séasúrach ar feadh tréimhse sé mhí amháin. |

## CUID II

## Rialáil

Limistéar Corrthrádála

Ainmnítear gach ceann de na tailte a shainítear sa Chéad Sceideal a ghabhann leis seo mar Limistéar Corrthrádála chun críocha an Achta. Roinntear na limistéir ainmnithe ina gcatagóirí ó A go D, faoi mar a léirítear sa chéad sceideal.

Ní thitfidh corrthrádáil amach ach i gcomhréir leis an Acht Corr-Thrádála, 1995 agus leis na Fodhlíthe seo.

Ní thitfidh corrthrádáil amach ach ag na láithreacha a ainmnítear don chuspóir sin agus ar na laethanta agus ag na hamanna a shonraítear sa Cheadúnas nó d'imeacht nó d'imeachtaí sonraithe ag na láithreacha eile siúd a cheadóidh an Chomhairle.

Ní thitfidh corrthrádáil amach ach laistigh den spás a leithdháil an Chomhairle ar an Sealbhóir Ceadúnais, a shainaithnítear trí chur síos ina C(h)eadúnas agus a leagann an Chomhairle amach.

Ní bhronnfaidh Limistéar Corrthrádála a leithdháileadh ag an gComhairle aon tionóntacht ná aon cheart ar an Sealbhóir Ceadúnais chun an Limistéar Corrthrádála thuasluaite a áitiú ná a aistriú.

Ní bheidh aon cheart ná aon teidlíocht chun teacht i gcomharbas ar Limistéar Corrthrádála ag seirbhísigh, gníomhairí, cúntóirí, fostaithe agus/nó daoine muinteartha an tSealbhóra Ceadúnais.

Féadfaidh an Chomhairle breis agus Ceadúnas amháin a cheadú i dtaca le haon Limistéar Corrthrádála ar leith amháin.

Ní ghnách go n-eiseoidh an Chomhairle Ceadúnas ach do Limistéar Corrthrádála amháin d'aon iarratasóir aonair. Is

féidir breithniú a dhéanamh, áfach, ar iarratais ar bhreis agus Limistéar Corrthrádála amháin.

**CEADÚNAS**

Ní thabharfaidh aon duine faoi Chorrthrádáil mura bhfuil Ceadúnas ón gComhairle aige/aici atá i bhfeidhm de thuras na huaire.

Eiseofar Ceadúnas gach bliain.

Tabharfar le fios ar an gCeadúnas cén earraí is féidir a dhíol agus ní féidir leis an Sealbhóir Ceadúnais ach na hearraí siúd a thaispeántar ar an gCeadúnas agus ar íocadh an táille chuí dóibh a dhíol.

Ní féidir leis an Sealbhóir Ceadúnais Ceadúnas a ligean ar cíos ná a dhíol ná a aistriú. Déanfar a c(h)eadúnas a chúlghairm ó aon Sealbhóir Ceadúnais a dheimhnítear a sháraigh an coinníoll seo.

Déanfaidh iarratasóir ar Cheadúnas foirm iarratais, faoi mar a fhorordaítear, a líonadh agus a sheoladh chuig an gComhairle agus soláthróidh sé/sí an t-eolas don Chomhairle a iarrtar anuas ar an táille chuí, agus soláthrófar an t-eolas breise sin a iarrfaidh an Chomhairle, agus má dhiúltaíonn an duine na forálacha seo a chomhlíonadh, is féidir leis an gComhairle a dhiúltú Ceadúnas a dheonú don iarratasóir.

Tá an ceart ar cosaint ag an gComhairle Ceadúnas a dheonú nó a chúlghairm. Is faoin gComhairle a bheidh sé an cinneadh deiridh a dhéanamh maidir le Ceadúnas a dheonú.

Beidh Sealbhóirí Ceadúnais freagrach as comhlíonadh na bhFodhlíthe seo i measc a seirbhíseach, a ngníomhairí, a gcúntóirí agus a bhfostaithe.

**TÁILLÍ CEADÚNAIS**

Caithfidh iarratasóir ar Cheadúnas an táille chuí a íoc ar shaghas na n-earraí a dhíolfar sa chatagóir ar leith den Limistéar Corrthrádála.

Déanfar athbhreithniú bliantúil ar tháillí ceadúnais agus is féidir iad a leasú ó thráth go chéile trí Ordú Feidhmiúcháin.

**CEADÚNAS A THAISPEÁINT UIMHIR**

Taispeánfaidh Sealbhóir Ceadúnais:
Uimhir a C(h)eadúnais san áit sin ina mbeidh sé infheicthe go soiléir agus inléite gan stró ag baill an phobail ag gach tráth i rith uaireanta trádála.

**CEADÚNAS A THABHAIRT SUAS**

Is féidir le Sealbhóir Ceadúnais a C(h)eadúnas a thabhairt suas don Chomhairle sula n-éagfaidh tréimhse an Cheadúnais.

Caithfidh Sealbhóir Ceadúnais ar mian leis/léi a C(h)eadúnas a thabhairt suas fógra míosa, ar a laghad, a thabhairt don Chomhairle.

Is féidir le duine a thugann Ceadúnas suas aisíocaíocht an sciar sin den táille Cheadúnais a fháil arb ionann é agus téarma neamhéagtha an cheadúnais, faoi réir aisíocaíocht uasta 50% den táille iomlán Cheadúnais. Nuair a tugadh Ceadúnas suas, is féidir leis an gComhairle Ceadúnas nua a eisiúint do théarma neamhéagtha an Cheadúnais a tugadh suas.

**CEADÚNAS A CHÚLGHAIRM**

Is féidir leis an gComhairle, faoina lánrogha, an cinneadh a dhéanamh gur baineadh a n-éileamh de Shealbhóir Ceadúnais ar Limistéar Corrthrádála don chuid eile den bhliain agus/nó a n-éileamh ar Cheadúnas do bhlianta amach anseo, má deimhníodh nár thug siad faoi Chorrthrádáil ag a Limistéar Corrthrádála ainmnithe ar feadh ceithre (4) seachtaine i ndiaidh a chéile. Tabharfar an deis don Sealbhóir Ceadúnais an asláithreacht a mhíniú sula ndéanfar a gCeadúnas a chúlghairm.

Sula ndéanfar cinneadh chun Ceadúnas a chúlghairm, seolfar fógra 21 lá ina sonraítear sonraí faoin sárú agus go mbeartaíonn an Chomhairle an Ceadúnas a chúlghairm, chuig an Sealbhóir Ceadúnais.

Beidh aird ag an gComhairle ar aon aighneachtaí scríofa a rinne an Sealbhóir Ceadúnais sula ndéanfar

cinneadh faoi cibé acu an Ceadúnas a chúlghairm nó gan é a chúlghairm.

Ní aisíocfar táille Cheadúnais sa chás go ndéantar Ceadúnas a chúlghairm.

**STALLA**

Ní úsáidfidh Sealbhóir Ceadúnais stalla, feithicil, leantóir nó struchtúr eile chun earraí a iompar/a thaispeáint ach é sin atá ceadaithe ag Oifigeach Údaraithe na Comhairle agus bainfidh an Sealbhóir Ceadúnais an céanna ag deireadh na thrádála gach lá, sa chás gur cuí.

Déanfar bail shábháilte a choimeád ar stallaí ag gach tráth agus cuirfear bacainní in airde timpeall ar gach guais fhéideartha.

**FORÁLACHA ILGHNÉITHEACHA**

Is féidir Ceadúnas reatha nó Ceadúnais a eisiúint do Limistéar Corrthrádála a chur ar fionraí go sealadach trí Ordú Feidhmiúcháin lena éascú bóthar, cosán, raon rothar nó bonneagar eile a thógáil/a fhorbairt/a chothabháil nó ar shuíomhanna ina n-aice ar chúiseanna eile.

**CIONTA**

Beidh duine a sháraíonn aon fhoráil de na Fodhlíthe seo ciontach i gcion.

**PIONÓS**

Beidh aon duine a sháróidh aon fhoráil de na Fodhlíthe seo faoi dhliteanas gach ciona den sórt sin, ar a gciontú go hachomair, fíneáil a íoc i gcomhréir le hAlt 14 an Achta. Tá an ceart ar cosaint ag an gComhairle Ceadúnas a chúlghairm i ngeall ar na Fodhlíthe seo a shárú, teip ar bhruscar a bhaint san áireamh.

**An Próiseas Iarratais**

Déanfar foirmeacha iarratais neamhiomlána a neamhbhailíochtú agus a sheoladh ar ais chuig an iarratasóir.

Ní chinntítear go ndeonófar Ceadúnas díreach mar gheall gur ghlac an Chomhairle le foirm iarratais.

**Ceadúnais Chorrthrádála (Limistéir Ainmnithe)**

Caithfear an méid seo a leanas a sheoladh ar aghaidh d'iarratas ar Cheadúnas Corrthrádála do limistéar ainmnithe:

- Foirm iarratais líonta
- 2 ghrianghraf pas an tSealbhóra Ceadúnais
- Cruthúnas aitheantais – Pas/ceadúnas tiomána
- Cóip den pholasaí árachais dliteanais phoiblí a chumhdaíonn luach ar a laghad €6.5 milliún, i gcás aon timpiste amháin, agus ar a slánaítear Comhairle Contae Fhine Gall ar an bpolasaí.
- Más mian leis an Sealbhóir Ceadúnais gníomhairí a ainmniú, caithfidh siad ainm an ghníomhaire, cruthúnas aitheantais an ghníomhaire agus grianghraf pas an ghníomhaire a sholáthar.
- I gcás ceadúnas chun bia a dhíol, beidh cóip de chlárú FSS agus de ghrianghraf den aonad a úsáidfear ag teastáil freisin.
- Grianghraif den stalla a úsáidfear.
- Plean Bainistíochta Dramhaíola, ina dtugtar cuntas ar nós imeachta do chóras scartha dramhaíola gabhdáin (dramhaíl ghinearálta/in-athchúrsáilte/dramhbhia).
- Deimhniú Imréitigh Cánach nó Uimhir Rochtana Imréitigh Cánach (URIC) bhailí.
- An táille chuí.

**Próiseas Athnuachana:**

Déantar Ceadúnais Chorrthrádála a athnuachan ar dháta bliantúil ar leith. Seoltar foirmeacha athnuachana sa mhí sula n-éagfaidh an Ceadúnas.

Déanfar foirmeacha athnuachana neamhiomlána a neamhbhailíochtú agus a sheoladh ar ais chuig an iarratasóir.

Ní chinntítear go ndeonófar Ceadúnas díreach mar gheall gur ghlac an Chomhairle le foirm athnuachana.

Má theipeann ort iarratas bailí ar Cheadúnas a athnuachan deich (10) lá sula n-éagfaidh an Ceadúnas reatha, déanfar an Ceadúnas a chúlghairm.

Tá an ceart ar cosaint ag an gComhairle an Limistéar Corrthrádála a athdháileadh.

**Beartas Leithdháilte**

Nuair a bhíonn Limistéir Chorrthrádála ar fáil, déanfaidh duine aonair a bhfuil iarratas á dhéanamh acu ar Cheadúnas, an t-eolas a iarrtar san fhoirm iarratais a sholáthar don Chomhairle, sa mhullach ar an eolas breise sin is féidir leis an gComhairle a iarraidh ar mhaithe lena cumhachtaí agus a feidhmeanna a fheidhmiú faoin Acht agus, má theipeann ar dhuine aonair é seo a chomhlíonadh, is féidir leis an gComhairle a dhiúltú don Cheadúnas aonair a dheonú.

Déanfaidh an Chomhairle breithniú ar na critéir seo a leanas nuair a bhíonn Limistéar Corrthrádála ar leith á shannadh:

- oibriú ceart an Limistéir Chorrthrádála
- sláinte, sábháilteacht agus folláine an phobail a fhreastalaíonn ar an Limistéar Corrthrádála
- Tabharfar tús áite do thrádálaithe táirgí ceardaí, a rinneadh a fhás, a dhéantúsú nó a dhéanamh go háitiúil maidir le limistéir atá ainmnithe mar an rogha láithreacha.

Nuair a fhaightear iarratais iolracha ar limistéar trádála aonair i gcomhréir le forálacha na bhFodhlíthe seo, is féidir leis an gComhairle Ceadúnas Corrthrádála a bhronnadh, faoina lánrogha, trí chrannchur. Beidh foirm an chrannchuir siúd faoi lánrogha na Comhairle.

**Ceadúnais Trádála Imeachtaí**

Caithfear gach iarratas a dhéanamh 30 lá roimh dháta an imeachta.
B'fhéidir nach bpróiseálfar iarratais a dhéantar lasmuigh den amfhráma seo. Is féidir leis an gComhairle iarratas ar Cheadúnas Trádála Imeachtaí a cheadú/a dhiúltú i rith imeachta i gContae Fhine Gall. Caithfear an méid seo a leanas a sheoladh ar aghaidh d'iarratas ar Cheadúnas Corrthrádála d'Imeacht:

- Foirm iarratais líonta
- 2 ghrianghraf pas an tSealbhóra Ceadúnais
- Cruthúnas aitheantais – Pas/ceadúnas tiomána
- Cóip den pholasaí árachais dliteanais phoiblí a chumhdaíonn luach ar a laghad €6.5 milliún, i gcás aon timpiste amháin, agus ar a slánaítear Comhairle Contae Fhine Gall ar an bpolasaí.
- Más mian leis an Sealbhóir Ceadúnais gníomhairí a ainmniú, caithfidh siad ainm an ghníomhaire, cruthúnas aitheantais an ghníomhaire agus grianghraf pas an ghníomhaire a sholáthar.
- I gcás ceadúnas chun bia a dhíol, beidh cóip de chlárú FSS agus de ghrianghraf den aonad a úsáidfear ag teastáil freisin.
- Grianghraif den stalla a úsáidfear.
- Plean Bainistíochta Dramhaíola, ina dtugtar cuntas ar nós imeachta do chóras scartha dramhaíola gabhdáin (dramhaíl ghinearálta/in-athchúrsáilte/dramhbhia).
- Deimhniú Imréitigh Cánach nó Uimhir Rochtana Imréitigh Cánach (URIC) bhailí.
- An táille chuí

**Téarmaí agus coinníollacha na trádála**

- Ní thabharfaidh ach an Sealbhóir Ceadúnais faoi Chorrthrádáil ag an láthair a shonraítear sa cheadúnas.

- Ní dhíolfar earraí eile seachas iad siúd a shonraítear ar an gCeadúnas.

- Ní dhéanfar trádáil ach sa láthair a leithdháiltear, i rith na n-amanna agus ar na laethanta a shonraítear.

- Caithfidh trádálaithe bianna riachtanais Oifig Sláinte Chomhshaoil áitiúil FSS a chomhlíonadh maidir le rialú reachtúil bia.

- Caithfidh gach duine a thugann faoi Chorrthrádáil Comhairle Contae Fhine Gall agus aon duine a shlánú a úsáideann an áis/an tseirbhís a sholáthraítear, in aghaidh aon dliteanais a eascraíonn as an áis/an tseirbhís atá i gceist a úsáid. Ina leith seo, caithfear árachas dliteanais phoiblí €6.5 milliún (íosta) i gcás aon timpiste amháin a fháil agus caithfidh an t-iarratasóir cruthúnas i leith an chéanna a sholáthar do Chomhairle Contae Fhine Gall sula ndéanfar aon Cheadúnas a dheonú.

- Soláthróidh Sealbhóir Ceadúnais, ar a c(h)ostas féin, gabhdáin oiriúnacha a shásaíonn riachtanais Chomhairle Contae Fhine Gall chun bruscar/dramhaíl a dhiúscairt (Córas scartha dramhaíola).

- Coimeádfaidh Sealbhóir Ceadúnais an Limistéar Corrthrádála agus ga íosta 50 méadar timpeall iar glan agus slachtmhar agus saor ó bhruscar a eascraíonn as gnó na Corrthrádála.

- Úsáidfidh Sealbhóir Ceadúnais táirgí inmhúirínithe agus cuirfidh sé/sí athchúrsáil chun cinn.

- Is féidir Comhairle Contae Fhine Gall aon stalla nó a mhacasamhail de ghabhdán a bhaint a dtagtar air in áit trádála lasmuigh d'uaireanta trádála.

- Taispeánfaidh Sealbhóir Ceadúnais a c(h)eadúnas corrthrádála san áit sin go mbeidh sé infheicthe go soiléir agus inléite gan stró do bhaill an phobail.

- Is féidir le Sealbhóir Ceadúnais beirt ghníomhairí a ainmniú chun cabhrú leo an stalla ainmnithe trádála a oibriú faoi na téarmaí agus coinníollacha seo a leanas:

    - Ní féidir ach le beirt daoine an stalla a oibriú ag aon tráth amháin agus caithfidh go bhfuil gach duine díobh ag trádáil laistigh de mhéadar amháin den stalla.

    - Caithfidh an Sealbhóir Ceadúnais a bheith i láthair ag gach tráth, sa chás gurb indéanta. Glactar leis go mbeidh an Sealbhóir Ceadúnais as

láthair i rith tréimhsí saoire nó mar gheall ar bhreoiteacht, ach caithfear Comhairle Contae Fhine Gall a chur ar an eolas ar an asláithreacht seo.

- Fad a bhíonn áit trádála á háitiú, caithfidh Sealbhóir Ceadúnais cloí le gach iarraidh réasúnta dhleathach a dhéanann Oifigeach Údaraithe nó ball den Gharda Síochána.

- Is féidir an Ceadúnas seo a chúlghairm ag aon tráth má sáraíodh aon choinníoll den Cheadúnas nó má tá aon choinníoll de á shárú.

- Ní úsáidfear ach ceangail cheadaithe le haghaidh soláthar breosla nó cumhachta.

- Ní chuirfidh duine a thugann faoi Chorrthrádáil bac ar aon áitreabh gnó, cosán, bóthar poiblí nó ceart slí poiblí.

- Ní thabharfaidh duine a thugann faoi Chorrthrádáil faoi thrádáil ar bhealach is cúis le cion nó ar dóchúil go mbeidh sé ina chúis le cion.

**Freagrachtaí Ceadúnaí**

Ní thabharfaidh aon duine faoi Chorrthrádáil mura bhfuil Ceadúnas ón gComhairle aige/aici atá i bhfeidhm de thuras na huaire.

Eiseofar Ceadúnas gach bliain.

Tabharfar le fios ar an gCeadúnas cén earraí is féidir a dhíol agus ní féidir ach na hearraí siúd a thaispeántar ar an gCeadúnas agus ar íoc an Sealbhóir Ceadúnais an táille chuí dóibh a dhíol.

Ní féidir leis an Sealbhóir Ceadúnais Ceadúnas a ligean ar cíos ná a dhíol ná a aistriú. Déanfar a c(h)eadúnas a chúlghairm ó aon Sealbhóir Ceadúnais a dheimhnítear a sháraigh an coinníoll seo.

Déanfaidh iarratasóir ar Cheadúnas iarratas san fhoirm a fhorordaítear sna Rialacháin a líonadh agus a sheoladh chuig an gComhairle agus soláthróidh sé/sí an t-eolas don Chomhairle a iarrtar san fhoirm iarratais anuas ar an táille chuí, agus soláthrófar an t-eolas breise sin a iarrfaidh an Chomhairle, agus má dhiúltaíonn an duine na forálacha seo a chomhlíonadh, is féidir leis an gComhairle a dhiúltú Ceadúnas a dheonú don iarratasóir.

Soláthróidh Sealbhóir Ceadúnais, ar a c(h)ostas féin, gabhdáin oiriúnacha a shásaíonn riachtanais Chomhairle Contae Fhine Gall chun bruscar/dramhaíl a dhiúscairt.

Tá an ceart ar cosaint ag an gComhairle Ceadúnas a dheonú nó a chúlghairm.  Is faoin gComhairle a bheidh sé an cinneadh deiridh a dhéanamh maidir le Ceadúnas a dheonú.

Beidh Sealbhóirí Ceadúnais freagrach as comhlíonadh na bhFodhlíthe seo i measc a seirbhíseach, a ngníomhairí, a gcúntóirí agus a bhfostaithe.

**Bainistíocht Dramhaíola**

Cinnteoidh Sealbhóirí Ceadúnais go ndéantar an dramhaíl go léir a ghintear ag an Limistéar Corrthrádála a dhiúscairt go cuí agus i gcomhréir leis an Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996, arna leasú, agus le haon Rialacháin agus Treoracha ábhartha ón AE.
Soláthróidh Sealbhóirí Ceadúnais, má iarrann Oifigeach Údaraithe amhlaidh, fianaise i leith modh diúscartha dramhaíola a gineadh sa Limistéar Corrthrádála. Comhlíonfaidh Sealbhóirí Ceadúnais téarmaí an Achta um Thruailliú ó Bhruscar, arna leasú go hiomlán.

## CUID III

## AN CHÉAD SCEIDEAL

## AINMNITHE MAR LIMISTÉIR CHORRTHRÁDÁLA

| **Catagóir A - Reiligí** | **Earraí** | **Táillí** |
|---|---|---|
| | | |
| Reilig Bhaile Ghrífín<br>(Tagairt Léarscáile: CT_HM01) | Bláthanna<br>Caife\Tae\Sneaiceanna Éadroma | €1000<br>€500 |
| | | |
| Reilig Fhine Gall<br>(Tagairt Léarscáile: CT_HM01) | Bláthanna<br>Caife\Tae\Sneaiceanna Éadroma | €1000<br>€500 |
| | | |
| Reilig Bhaile Uí Cheallaigh<br>(Tagairt Léarscáile: CT_CM01) | Bláthanna<br>Caife\Tae\Sneaiceanna Éadroma | €1000<br>€500 |
| | | |
| Reilig Mhullach Eadrad<br>(Tagairt Léarscáile: CT_CM01) | Bláthanna<br>Caife\Tae\Sneaiceanna Éadroma | €1000<br>€500 |
| | | |
| Reilig Fhiontain<br>(Tagairt Léarscáile: CT_HM01) | Bláthanna<br>Caife\Tae\Sneaiceanna Éadroma | €1000<br>€500 |
| | | |
| **Catagóir B – Páirceanna** | | |
| **Catagóir B (1) – Páirceanna Réigiúnacha** | | |
| Ard Giolláin (RL)*<br>(Tagairt Léarscáile: CT_BS01) | Bláthanna\Plandaí<br>Ealaíona\Ceardaíocht<br>Caife\Tae\Sneaiceanna éadroma fuara agus teo | €1000<br>€1000<br>€5000 |
| | | |
| Diméin Mhullach Íde<br>(Tagairt Léarscáile: CT_HM01) | Bláthanna\Plandaí<br>Caife\Tae\Sneaiceanna éadroma fuara agus teo<br>Uachtar Reoite\Milseogra | €1000<br>€7000<br>€2500 |
| | | |
| Diméin an Droichid Nua (RL)*<br>(Tagairt Léarscáile: CT_BS01) | Bláthanna\Plandaí<br>Ealaíona\Ceardaíocht<br>Uachtar Reoite\Milseogra<br>Caife\Tae\Sneaiceanna éadroma fuara agus teo | €1000<br>€1000<br>€2500<br>€5000 |
| | | |

| **Catagóir B (2) – Páirceanna agus Spásanna Oscailte** | | |
| --- | --- | --- |
| Páirc na Feá<br>(Tagairt Léarscáile: CT_CM01) | Caife\Tae\Sneaiceanna éadroma fuara agus teo | €2000 |
| | | |
| Páirc Bhaile Dama<br>(Tagairt Léarscáile: CT_CM01) | Caife\Tae\Sneaiceanna éadroma fuara agus teo<br>Bia | €2000<br>€2000 |
| | | |
| Páirc Bhaile an Hartaigh<br>(Tagairt Léarscáile: CT_CM01) | Caife\Tae\Sneaiceanna éadroma fuara agus teo | €2000 |
| | | |
| Páirc Mhic Coitil<br>(Tagairt Léarscáile: CT_HM01) | Caife\Tae\Sneaiceanna éadroma fuara agus teo<br>Uachtar Reoite\Milseogra | €2000<br>€2500 |
| | | |
| Páirc na Mílaoise, Baile Bhlainséir<br>(Tagairt Léarscáile: CT_CM01) | Caife\Tae\Sneaiceanna éadroma fuara agus teo<br>Uachtar Reoite\Milseogra<br>Bia | €2000<br>€2500<br>€2000 |
| | | |
| Spás Oscailte Ongar<br>(Tagairt Léarscáile: CT_CM01) | Caife\Tae\Sneaiceanna éadroma fuara agus teo | €2000 |
| | | |
| Carrchlós Chnoc Phádraig<br>(Tagairt Léarscáile: CT_HM01) | Caife\Tae\Sneaiceanna éadroma fuara agus teo<br>Uachtar Reoite\Milseogra | €2000<br>€2500 |
| | | |
| Páirc Bhaile an Phóirtéaraigh<br>(Tagairt Léarscáile: CT_CM01) | Caife\Tae\Sneaiceanna éadroma fuara agus teo<br>Bia | €2000<br>€2000 |
| | | |
| Páirc Ghleann na hAbhann<br>(Tagairt Léarscáile: CT_BS02) | Caife\Tae\Sneaiceanna éadroma fuara agus teo<br>Bia | €2000<br>€2000 |
| | | |
| Páirc Bhaile Roiséir<br>(Tagairt Léarscáile: CT_BS01) | Caife\Tae\Sneaiceanna éadroma fuara agus teo | €1500 |
| | | |
| Diméin Sheantraibh | Caife\Tae\Sneaiceanna éadroma | €2000 |

| | | |
|---|---|---|
| (Tagairt Léarscáile: CT_BS02) | fuara agus teo<br>Uachtar Reoite\Milseogra | €2500 |
| | | |
| Páirc San Caitríona, Leamhcán (RL)*<br>(Tagairt Léarscáile: CT_CM01) | Caife\Tae\Sneaiceanna éadroma fuara agus teo<br>Uachtar Reoite\Milseogra<br>Bia<br>Bláthanna\Plandaí<br>Ealaíona\Ceardaíocht | €2000<br>€2500<br>€2000<br>€1000<br>€1000 |
| | | |
| Páirc an Choireáin<br>(Tagairt Léarscáile: CT_CM01) | Caife\Tae\Sneaiceanna éadroma fuara agus teo<br>Bia | €2000<br>€2000 |
| | | |
| **Catagóir C – Tránna** | | |
| | | |
| Túr Martello Thrá Bhaile Brigín<br>(Tagairt Léarscáile: CT_BS01) | Caife\Tae\Sneaiceanna éadroma fuara agus teo\Bia | €2000<br>€2000 |
| | | |
| Carrchlós Bharr na gCaorach<br>(Tagairt Léarscáile: CT_BS01) | Caife\Tae\Sneaiceanna éadroma fuara agus teo | €2000 |
| | | |
| Trá Dhomhnach Bat<br>(Tagairt Léarscáile: CT_BS01) | Caife\Tae\Sneaiceanna éadroma fuara agus teo<br>Uachtar Reoite\Milseogra<br>Bia | €2000<br>€2500<br>€2000 |
| | | |
| Carrchlós Thrá Loch Sionnaigh<br>(Tagairt Léarscáile: CT_BS01) | Caife\Tae\Sneaiceanna éadroma fuara agus teo<br>Uachtar Reoite\Milseogra | €2000<br>€2500 |
| | | |
| Carrchlós Thrá Mhullach Íde<br>(Tagairt Léarscáile: CT_HM01) | Caife\Tae\Sneaiceanna éadroma fuara agus teo<br>Uachtar Reoite\Milseogra<br>Bia | €2000<br>€2500<br>€2000 |
| | | |
| Inbhear Mhullach Íde<br>(Tagairt Léarscáile: CT_HM01) | Caife\Tae\Sneaiceanna éadroma fuara agus teo | €2000 |
| | | |
| Trá Phort Mearnóg<br>(Tagairt Léarscáile: CT_HM01) | Caife\Tae\Sneaiceanna éadroma fuara agus teo<br>Uachtar Reoite\Milseogra | €2000<br>€2500 |

| | | |
|---|---|---|
| | | |
| Carrchlós an Oileáin Rua, na Sceirí<br>(Tagairt Léarscáile: CT_BS01) | Caife\Tae\Sneaiceanna éadroma fuara agus teo<br>Uachtar Reoite\Milseogra | €2000<br>€2500 |
| | | |
| Trá Thuaidh an Rois<br>(Tagairt Léarscáile: CT_BS01) | Caife\Tae\Sneaiceanna éadroma fuara agus teo<br>Uachtar Reoite\Milseogra | €2000<br>€2500 |
| | | |
| Trá Theas an Rois<br>(Tagairt Léarscáile: CT_BS01) | Caife\Tae\Sneaiceanna éadroma fuara agus teo<br>Uachtar Reoite\Milseogra<br>Bia | €2000<br>€2500<br>€2000 |
| | | |
| Cuan an Túir (Carrchlós), Port Reachrann<br>(Tagairt Léarscáile: CT_BS01) | Caife\Tae\Sneaiceanna éadroma fuara agus teo<br>Bia | €2000<br>€2000 |
| | | |
| **Catagóir D – Limistéir Bhreise** | | |
| | | |
| Carrchlós Mhullach Bhinn Éadair<br>(Tagairt Léarscáile: CT_HM01) | Caife\Tae\Sneaiceanna éadroma fuara agus teo<br>Bia | €2500<br>€2500 |
| | | |
| Mol Áineasa Lusca<br>(Tagairt Léarscáile: CT_BS01) | Caife\Tae\Sneaiceanna éadroma fuara agus teo | €2000 |
| | | |
| Eastát Bhallaí Robac/an Charraig Ard (an Bealach isteach ann)<br>(Tagairt Léarscáile: CT_HM01) | Caife\Tae\Sneaiceanna éadroma fuara agus teo | €2000 |
| | | |
| **Trádáil Shéasúrach** | Is féidir cinneadh a dhéanamh faoi láithreacha trí Ordú Feidhmiúcháin ag Comhairle Contae Fhine Gall | €1000 (buaicshéasúr)<br>€500 (séasúr seachbhuaice) |

| | | |
|---|---|---|
| | | |

*Tugann RL ‘Rogha Láithreach’, faoi mar a shainmhínítear, le fios.